Mar ghníomhaireacht, is go leanúnach a aimsíonn siad deiseanna iontacha leis an Ghaeilge a fhí isteach i gcumarsáid mhargáíochta a gcliant.

Creideann siad gur buntáiste ríluachmhar í an Ghaeilge do ghnónna na hÉireann – tá sí ar na buntáistí is tábhachtaí atá againn ar iomaitheoirí domhanda.

Tá Angel tar éis oifig eile a oscailt i mBaile Átha Cliath.

Angel Marketing was founded 5 years ago in New Ross, Co. Wexford, by Paula Ronan (right), previously co-owner of Angel London.

Angel is a full service marketing agency, specialising in strategy development and creative concepts.

The company “loves to help people to market their businesses or organisations”. Its clients have included Today FM, Publishing Ireland, Foras na Gaeilge and Green Biofuels Ireland.

“As an agency, we continually spot great opportunities to integrate Irish into our clients’ marketing communications,” says Paula. “Our belief is that the Irish language is a hugely valuable asset for any business operating in Ireland - it is one of the important competitive differences we have from global competitors.”

Angel has recently added another office in Dublin. www.angelireland.com



Bábógbaby

Bunaíodh Bábógbaby i mí an Mhárta 2010 le huirlisí agus bréagáin a chur ar fáil do leanaí agus do pháistí, chomh maith le tuismitheoirí agus iad siúd atá ag dul i mbun fhoghlaim an chéad chúpla focal úd.

Tá bunaitheoir an chomhlachta Adrian Devane pósta ar Karen, agus tá cónaí orthu i Maigh Cuilinn, Co na Gaillimhe, lena n-iníon 3 bliana d’aois.

Is iar-léiritheoir scannán é Adrian, a chaith 12 bliain i mbun oibre ar phríomhscannáin, drámaí teilifíse, anamúlacht, fógraí agus físeáin cheoil.

Chruthaigh sé an branda, an suíomh idirlín agus an béirín a chuirfidh chun cinn agus a spreagfaidh an Ghaeilge ag aois an-óg.

Sna 12 mí seo romhainn, tá rún ag Bábógbaby réimse ábhar a sholáthar dóibh siúd idir sé mhí agus trí bliana déag d’aois.

Bábógbaby was set up in March 2010 to provide tools and toys for toddlers, children and parents to learn those first cúpla focal.

The company’s dynamic founder Adrian Devane (right) is married to Karen.

They live in Moycullen, Co. Galway, with their 3 year old daughter.

Adrian is a former film producer having worked for 12 years on feature films, TV drama, animations, commercials and music videos.

He created the branding, website and teddybear that will help promote and encourage the Irish language to be spoken at a very early age.

Bábógbaby intends to release a string of products in the next twelve months that will all speak Irish for those aged six months-13 years.

www.babogbaby.com



Adrian Devane

Bácús Uí Ghríofa-Griffin’s Bakery



Jimmy Griffin

Bunaíodh Bácús Uí Ghríofa in 1876. Is é an gnó teaghlach is sine in iarthar na tíre é.

Tá an Bainisteoir Stiúrtha, Jimmy Ó Gríofa (ar clé), ina chéimí de chuid Scoil Bháicéireachta DIT agus rinne sé staidéar chomh maith i Scoil Bháicéireachta Richemont, san Eilvéis. Bhí sé ina ionadaí d’Éirinn i gcomórtais bhácála Eorpacha agus bhuaigh an bonn cré-umha in 1999.

Cuireann Jimmy an bhácáil Éireannach chun cinn ar fud an domhain agus roghnaíodh é le bheith ina bhreitheamh ag Corn Domhanda na Báicéireachta 2008.

Tá 40 duine fostaithe sa bhácús agus leantar fós de ghnásanna na mblianta: soláthar táirgí lámhdhéanta atá saor ó leasaithe agus ó bhreiseáin; tinte oscailte sna Seomraí Tae, áit a bhfuil na ballaí maisithe le híomhánna traidisiúnta agus seanfhocail in éineacht; fíor-thae duille; agus seirbhís phearsanta den scoth – as Gaeilge.

Tá an Ghaeilge fite fuaithe sa ghnó laethúil, ó na seanfhocail ar na paicéid bheaga siúcra go dtí an chomharthaíocht dhátheangach do na leithris, na biachláir dhátheangacha agus na suaithéantais ar éide na foirne.

Bhí an Ghaeilge riamh tábhachtach mar gheall ar líon mór na gcustaiméirí Gaeltachta a thaitíonn an bácús. An mhí seo, crochfar comhartha nua dátheangach os cionn dhoras an bhácús, comhartha a fheicfidh na mílte síoraí a thriallann suas anuas Sráid Shop i gCathair na Gaillimhe.

Griffin’s Bakery is a 134 year old, fourth generation family bakery business, established in 1876. It’s the oldest remaining family business in the West of Ireland.

Jimmy Griffin (left), Managing Director, graduated from Bakery School DIT in 1985. He also studied in Richemont Bakery School in Switzerland. He represented Ireland in European Baking competitions, winning Bronze in 1999.

The Bakery employs 40 people and continues its tradition of handmade products free of preservatives and additives.

Open fires burn in the Tearooms and traditional hand painted images, each with its own unique seanfhocal, decorate the walls.

Real leaf tea is served in an intimate setting, backed up by high levels of personal service, available ‘as Gaeilge’.

The Irish language is present in the business daily from the seanfhocail on your sugar sachet for your coffee to our bilingual signage for bathrooms, food menus and our staff uniforms.

Irish is and has always been hugely important due to their many Gaeltacht customers who visit daily.

www.griffinsbakery.com

An Roinn Forbartha Réigiúnaí

Is é an Roinn Forbartha Réigiúnaí (RFR) an phríomhroinn stáit sa Tuaisceart a phléann le cúrsaí infrastructúir.

Déanann an Roinn cistiú caipitil ar luach £556.2 milliún a infheistiú i mbóithre, in iompar poiblí agus in uisce, agus caitheann £517.3 milliún eile ar chothabháil na seirbhísí seo. Tá breis agus 2,600 duine fostaíthe ag an Roinn.

Tá RFR freagrach as polasaí straitéiseach réigiúnach maidir le pleanáil agus forbairt de; as straitéis iompair agus polasaí iompair inbhuanaithe; as soláthar agus cothabháil na mbóithre poiblí; as polasaí iompair phoiblí agus feidhmíocht iompair phoiblí; as polasaí áirithe agus tacaíocht áirithe le haghaidh calaí agus aerphort; agus as polasaí do sheirbhísí uisce agus séarachais agus bainistíú ar leas scairsheibhe na Roinne in Uisce Thuaisceart Éireann.

Ón bhliain 2007, tá polasaí i leith na Gaeilge forbartha ag an Roinn le cabhrú leis an fhoireann gnó na Roinne a chur i láthair an phobail.

Foilsíodh Cód Cúirtéise ina bhfuil leagtha amach na nósanna imeachta maidir leis an Ghaeilge a úsáid i gcomhfhreagras, i bhfeachtais fhógraíochta agus i bhfoilseacháin. Sa chód seo chomh maith, tá cur síos ar fheachtais i nuachtáin Ghaeilge agus ar stáisiúin raidió Ghaeilge.

I rannán den láithreán gréasáin atá tiomnaithe don Ghaeilge, tá teacht ar fheidhmeanna agus ar shonraí teagmhála na Roinne.

Faoi láthair, tá ranganna am lóin ar siúl do bhaill foirne ar suim leo an Ghaeilge a fhoghlaim, nó feabhas a chur ar a gcumas sa Ghaeilge.

Tá an Roinn tiomanta don chomhoibriú dlúth le forais ar neamhthuilleamaí le húsáid na Gaeilge a chinntiú i soláthar seirbhísí bus agus iarnróid agus seirbhísí uisce agus séarachais.

The Department for Regional Development is the leading infrastructure department in the North.

It invests capital funding of £556.2 million in roads and public transport and water and it also spends a further £517.3 million in maintaining these services, and employs over 2,600 staff.

It is responsible for regional strategies planning and development policy; transport strategy and sustainable transport policy; provision and maintenance of all public roads; public transport policy and performance; certain policy and support work for air and sea ports; and policy on water and sewerage services and management of the department's shareholder interest in Northern Ireland Water.

Since 2007 the Department has developed an Irish language policy to help



Present at the launch of the Department for Regional Development multi-lingual website in September 2008 were Cllr Tom Hartley, Janet Muller of POBAL, Minister Conor Murphy and Patrick Yu, Council for Ethnic Minorities

staff present the Department's business.

It has published a Code of Courtesy that sets out procedures to staff on how to use Irish in correspondence, advertising campaigns and publications. This code includes campaigns in Irish language newspapers and on Irish language radio stations.

A dedicated Irish section of the website lists the Department's functions and contact details. Lunchtime classes are currently underway for staff who are interested in learning or improving their Irish skills.

The Department is committed to working closely with other bodies to ensure the use of Irish in the delivery of bus and rail services, and water and sewerage services.

www.drdni.gov.uk

Fionnbarra Ó Brolcháin

Rugadh Fionnbarra Ó Brolcháin i gCorcaigh, ach tá cónaí air i mBaile Átha Cliath anois. Tá céim san innealtóireacht leictreachaige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC), mar aon le PhD ó Ollscoil Nua-Eabhrac (NYU). Ba é an chéad phost a bhí aige ná innealtóir le GE i Meiriceá, rud a theagasc tábhacht na hoibre déine agus dílseacht a dhúchais dó.

Is iar-ollamh le hairgeadas é a theagasc in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), an áit ar bhunaigh sé an Iárionad Gaeilge, Fiontar. Bhí sé mar ollamh sa Roinn Eacnamaíochta, NUI Má Nuad, agus ollamh ar cuairt i Scoil Ghnó Smurfit, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (UCD), in Ollscoil Michigan, Ollscoil Fordham agus i Scoil Eacnamaíochta Helsinki.

Is é comhúdar an leabhair, Capitalising on Culture, Competing on Difference é, atá dírithe ar nuálaíocht, ar fhoghlaim agus ar ómós áite. Chomh maith leis sin, is é comheagarthóir an leabhair, Ireland's Economic Crisis - Time to Act é, atá bunaithe ar léachtaí Scoil Samhraidh Mhic an Ghoill 2009.

Deir Fionnbarra gurb é an chomhairle is fearr dá bhfuair sé riamh ná "Labhair leis an réimse daoine is mó gur féidir leat faoin chomhlacht. Tá saineolas ag daoine ar gach leibhéal; ná braith ar idirghabhálaithe chun seo a mheas!"

Síleann Fionnbarra é féin gur chóir don té atá ag tosú amach éisteacht lena chroí agus ligean dó sin an ghairm bheatha a aimsiú dó.

Is é an rud is tábhachtaí do rath gnó ná bheith dlíis don chustaiméir agus bheith ag iarraidh an duine sin a shásamh i gcónaí.

Fionnbarra Ó Brolcháin was born in Cork, but now lives in Dublin. He holds a degree in Electrical Engineering from UCC, as well as a PhD from New York University (NYU). His first job was as an engineer with GE in America, a job that taught him the importance of hard work and loyalty to one's roots.

He is a former professor of finance at DCU, where he founded the Irish language centre, Fiontar. He was a professor at the Department of Economics in Maynooth and visiting professor at The Smurfit Business School UCD, at Michigan University, Fordham and the Helsinki School of Economics.

He co-wrote the book, Capitalising on Culture, Competing on Difference, which examines innovation, learning and

sense of place; and was co-editor of Ireland's Economic Crisis - Time to Act, which is based on lectures delivered at the McGill Summer School 2009.

Fionnbarra believes that the person starting out should listen to his heart

agus let the heart determine the vocation.

Loyalty to the customer and satisfying the customer are the vital ingredients for a strong business.



Fionnbarra Ó Brolcháin (ar clé), Connlaith Ní Raifeartaigh agus Máirtín Ó Muilleoir ag seoladh an leabhair nua Stró an Ghnó i mBéal Feirste

Emer Ní Cheidigh ~ Foinse

Deir Emer Ní Cheidigh (ar dheis) go bhfuil an-ghrá aici don Ghaeilge agus don chultúr Gaelach. "Agus tá mé an-bhródúil as mo thír agus as m'fhréamhacha i nGaeltacht Chonamara," ar sise. "Creidim go bhfuil an bród céanna ar aos óg na hÉireann, agus go dteastaíonn uathu nasc láidir a chruthú leis an saintréith uathúil seo.

"Bhí an-bhrón orm nuair a cuireadh deireadh le foilsíú an chéad Foinse, mí an Mheithimh 2009, mar gur chruthaigh sé bearna mhór i saol na Gaeilge.

"Mar gheall air sin, shocraigh mé ar Foinse nua a thosú i mí Dheireadh Fómhair 2009 mar gur chreid mé go raibh bearna mhór sa mhargadh do nuachtán Gaeilge a bheadh nua-aimseartha agus a mbeadh spéis ag réimse forleathan léitheoirí ann."

Bhí an dáileachán ar cheann de phríomhdhúshláin an chéad Foinse. "Shocraíomar comhpháirtíocht dáileacháin a chruthú le The Irish Independent, ina gcuirtear Foinse ar fáil saor in aisce, gach Céadaoin, leis an Independent.

"Tugann sé seo dáileachán seachtainiúil dúinn d'idir 160,000 agus 170,000 cóip, agus léitheoireacht sheachtainiúil de bhreis agus 600,000," ar sise.

"Tá foireann nua iriseoirí nuachtáin againn don

mhargadh mór seo, agus tá stíl iriseoireachta agus dearaidh forbartha againn atá nuálach." Maoinítear an nuachtán le foinsí príobháideacha ar fad ar fad.

Emer Ní Cheidigh has a great love for the Irish language and culture. "I am very proud of my country and of my roots in the Conamara Gaeltacht," she says. "I believe that the youth of Ireland share that pride, and that they want to connect with this unique attribute.

"I was very sorry when the publication of the first Foinse ceased, in June 2009, because it left a huge gap in the life of the Irish language.

"Therefore I decided to start up a new Foinse, in October 2009, because I believed that there was an enormous gap in the market for an Irish language newspaper that would be modern in approach and that would be of interest to a wide readership."

Emer says distribution was one of the main challenges facing the first Foinse. "We decided to create a distribution partnership between ourselves and The Irish Independent, where Foinse is available free of charge each Wednesday with the Independent.

"This gives us a weekly distribution of between



160,000 and 170,000 copies and a weekly readership of over 600,000. Foinse is funded completely by private means.

www.foinse.ie

ESB

Thug an BSL, arb é an comhlacht fuinnimh leathstáit é lonnaithe in Éirinn, tacaíocht do chustaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge ar fud a stair 80 bliain agus baineadh feabhsuithe móra amach ar leibhéal na seirbhísí do chustaiméirí i nGaeilge le trí bliana anuas.

Is é an leagan Gaeilge ar chuid dá shuíomh idirlín ag www.esb.ie/esbnetworks an feabhsú is déanaí a rinneadh do Ghaeilgeoirí agus tá sé ar intinn ag an chomhlacht leagan Gaeilge den suíomh idirlín iomlán laistigh de na 12 mí seo chugainn a

chur ar fáil.

Lena thiomantas don Ghaeilge a thaispeáint, déanann BSL fógraí i nGaeilge agus soláthraíonn sé seirbhís billeála as Gaeilge.

Mar cheann de na 10 comhlacht is fearr in Éirinn, tá BSL tiomanta go hiomlán do chur i bhfeidhm a dhualgas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Mar fhostóir, glacann BSL le comhionannas móide éagsúlacht agus tá leibhéal oibre a mheitheal oibre ard.

ESB, the semi-state energy company based in Ireland, has supported customers who wish to transact



business in Irish throughout its 80-year history and significant improvements have been achieved in the level of services to customers in the Irish Language over the past three years.

Its most recent improvement for Irish-speaking customers is its new Irish language version of part of its web site at www.esb.ie/esbnetworks and the company intends to extend this to the full site within the next 12 months.

As proof of its dedication to the Irish language, ESB also advertises in Irish and provides a billing service as Gaeilge. As one of the top 10

companies in Ireland, ESB is fully committed to the implementation of its obligations under the Official Languages Act.

ESB adopts a corporate responsibility ethos with all its stakeholders and among its priorities is to promote and maintain, among its 7,500 staff, an awareness of what corporate responsibility represents and how, as a core value, it underpins company actions.

As an employer ESB embraces equality and diversity and obtains high levels of performance from its workforce.

Druids Glen



Is mó i bhfad ná an gnáth-eispéireas gailf a chuirtear ar fáil i gClub Gailf Ghleann na nDraoithe i gContae álainn Chill Mhantáin. Ní féidir neamhaird a thabhairt ar mhothú na staire a leathnaíonn ar fud shuíomh uathúil an chlub.

Ó cheann ceann an chúrsa álainn féin agus ar fud an chlubthí 200 bliain d'aois, tá an chomharthaíocht uilig dátheangach agus lógó an chlub 'Gleann na Draoithe' le feiceáil i gach aon áit, agus ar ábhar marsantaithe an chlub.

An Chros Cheilteach ar thí-bhosca an dara poll déag taobh le hAltóir na nDraoithe, atá 4,000 bliain d'aois, ar an pholl céanna, is samplaí iad de shaihbheas staire na háite. Tá stair na hÉireann ina beothaifead ar na múrmhaisithe ar bhallaí Theach Woodstock, clubtheach Ghleann na nDraoithe, a tógadh sa bhliain 1770.

Tabhair cuairt ar www.druidsglen.ie agus tabhair cuairt ar stair chorrathach na hÉireann in éineacht.

Steeped in centuries old, rich Irish history, Druids Glen Golf Club in stunning Co Wicklow offers much more than the typical golfing experience. The club's deep cultural history is impossible to escape given that it is inherent in every aspect of the setting.

From the moment you enter the beautiful Irish golf course, into the more than 200-year-old clubhouse and throughout the course all the signs are in Irish and English emblazoned with the club logo 'Gleann na Draoithe'. Even the official merchandise bears the same inspiring logo and is proof of just how proud the resort is of its Irish history and how committed it is to promoting the millenia-old history for which it is famed.

The Celtic Cross on the 12th Tee box carved into the shrubbery is the resort's feature hole and coupled with the 4,000-year-old Druids Altar on the 12th hole, visitors get a real sense of just how rich a history the Co Wicklow facility has to offer.

www.druidsglen.ie

Dr Brian Ó Ceallaigh

D'fhreastail Brian Ó Ceallaigh (ar dheis) ar mheánscoil Choláiste Bhréanainn i gCill Airne agus bhain céim san innealtóireacht shibhialta amach ó Choláiste na hOllscoile, BÁC.

Chaith se roinnt blianta ag obair mar innealtóir le hAer Rianta agus le Bord Soláthair Leictreachais. Ghnóthaigh se céim dochtúra san airgeadas agus chaith an tréimhse 1995 go 1999 ag léachtóireacht in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le Fiontar, áit ar theagasc sé ar an chéim fiontraíochta, B.Sc. in Airgeadas, Ríomhaireacht agus Fiontraíocht, a bhunaigh Fionnbarra Ó Brolcháin.

D'oibrigh se le AIB Capital Markets ó 1999 go dtí 2007 nuair a bhunaigh sé comhlacht infheistíochta, QED Equity.

Ta Brian fós gafa le cúrsaí oideachais, ar bhonn páirtaimseartha, agus é ina Ollamh le hAirgeadas in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bfionn sé le cloisteáil go minic ar TG4 is ar RnaG.

Brian Ó Ceallaigh attended Coláiste Bhréanainn in Killarney and graduated as a Civil Engineer with UCD. He spent several years working as an engineer with Aer Rianta and the ESB.

He received a Doctorate in Finance and spent the period from 1995 to 1999 lecturing in DCU with FIONTAR, teaching on the Enterprise Studies Degree, B.Sc in Finance, Computing and Enterprise, which was established by Fionnbarra Ó Brolcháin.

He worked with AIB Capital Markets from 1999 to 2007 when he established the investment company, QED Equity. Brian is still involved in education, on a part-time basis, as Professor of Finance in DCU.

He is a frequent commentator on financial affairs for both TG4 and Raidió na Gaeltachta.

www.qed.ie



Litriocht.com

Tá Litriocht, an siopa leabhar Gaeilge is mó ar an domhan, ag ceiliúradh 10 bliain as rochtain láithreach, dhomhanda ar na mílte leabhar as Gaeilge a chur ar fáil ar líne.

Agus an gradam don ríomhghnó is fearr in Éirinn bronnta air le déanaí, tá níos mó ná 5,000 leabhar ag Litriocht nó "Amazon.com na Gaeilge" agus is í an aidhm atá aige gach leabhar Gaeilge clóite a chur ar fáil.

Is fochuideachta de Bard na nGleann é an comhlacht atá i gCill Chúile, Ciarraí, agus ba é Tom Fitzgerald (ar dheis) a chuir ar bun é agus a chaith an deichniúr seo a chuaigh thart ag tabhairt dúshláin do status quo na ngnónna Gaeilge.

Bhain an siopa leabhar ar líne seo rath iontach amach óna bhunú, ina measc tá litir bhuíochais ó Leabharlann Chomhdháil na SA as an obair a rinne sé i gcatalógú na leabhar as Gaeilge, agus tá custaiméirí aige i 65 tír, an tSín, Iamáice, an Nua-Shéalainn, an Afraic Theas, an Ríocht Aontaithe, an Úisbéiceastáin agus Veiniséala san áireamh.

Nuair a bhunaigh Tom Litriocht in 1999, ní raibh eolas ar bith ar líonláithreáin ríomhthráchtála sa chuid is mó d'Éirinn agus ní raibh Amazon.com ach ag toiseacht fiú ach d'aimsigh Tom nideog agus mar sin, bunaíodh litriocht.com.

Go fóronta, ghlac sé roinnt blianta d'Éirinn le bheith ina mórchéannaitheoir de leabhair Ghaeilge ó Litriocht.com ach is iad na Stáit Aontaithe agus an Fhionlainn príomhchéannaitheoirí leabhar an líonláithreáin le blianta anuas go fóill, ach lena rogha iontach de leabhair agus a sheirbhís d'ardchaighdeán tá máine Litriocht ar fud an domhain anois.

Litriocht, the world's largest Irish language bookshop, is celebrating 10 years

of providing instant online global access to thousands of books as Gaeilge.

Recently crowned Ireland's best e-business, Litriocht -or "Amazon.com na Gaeilge" - has more than 5,500 titles and its aim is to make available every Irish language book in print.

The Cill Chúile, Ciarraí-based company is a subsidiary of Bard na nGleann and was the brainchild of Tom Fitzgerald (right) who has spent the past decade challenging the status quo of the Irish language business.

The innovative online bookstore has achieved unimaginable success since its creation, including a letter of gratitude from the US Library of Congress for the work it has done in cataloguing the books as Gaeilge, and boasts customers in 65 countries including China, Jamaica, New Zealand, South Africa, UK, Uzbekistan, and Venezuela.

When Tom founded Litriocht in 1999, e-commerce websites were unknown in most of Ireland and even Amazon.com was in its infancy but Tom saw a niche and so litriocht.com was born.

www.litriocht.com



Monaraíonn an comhlacht duaisbhuaiteach Cosmaidí Feamainne na hÉireann RÍ NA MARA a shóréimse chúram cnis sa Spidéal, Conamara

Féach suíomh idirlín @ www.rinamara.com

Fíbin Teo

Is comhlacht amharclannaíochta é Fíbin Teo a bhfuil grá agus gean air agus chomh maith leis sin, tá sé preabach bríomhar. Tá deann curtha ag Fíbin trí dhaltai de gach uile aois lena bhranda spreagúil de phuipéadóireacht, amharcléiriú agus cur i ngíomh. Feidhmíonn Fíbin trí mheán na Gaeilge agus le cúig bliana anuas, tá meádú tagtha ar a chlú a fhágann go bhfuil sé anois ar cheann de na príomhchomhlachtaí amharclannaíochta sa tír le clú agus cáil air ó thaobh léiriúcháin atá fíorshamhláioch, fuinniúil agus proifisiúnta.

Tá sé leagtha amach i ráiteas misin an chomhlachta gurb í an Ghaeilge in éineacht leis an drámaíocht atá ag croílár an ghnó. Is trí mheán na Gaeilge a ritear an gnó ó lá go lá. Bunaíodh an comhlacht le drámaí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaoine óga agus mar gheall air seo, tá an-suim aige an teanga a chur ar fáil do dhaoine óga ar bhealach fuinniúil, spraiúil agus físiúil.

Mar chomhlacht amharclannaíochta, bíonn sé ag taisteal timpeall na tíre chuig áiteanna lasmuigh den Ghaeltacht. Déanann sé iarracht iomhá spreagúil,

fuinniúil a thabhairt don Ghaeilge os comhair an phobail.

Fíbin Teo is a theatre company which is not only loved but is jumpy and lively as well. Fíbin has thrilled students of all ages with its inspiring puppetry, visual performance and acting.

The company operates through the medium of Irish and over the last five years, has grown to be one of the most widely respected practitioners of the dramatic arts in the country, famed for shows that are truly imaginative, filled with energy and professionally produced.

The company has produced shows for students, teenagers, and grown ups and has also performed at celebrated festivals. The company's mission statement makes it clear that both the Irish language and drama are at the heart of the business. It is through the medium of Irish that the business is run on a daily basis.

The company was founded to provide the highest quality plays for children and young people, and to



this end, it concentrates on providing the best shows for young people, staged in an energetic, fun and visual way.

As a theatre company it travels round the country to areas outside of the Gaeltacht.

Fíbin tries to offer an encouraging image of the Irish language, one filled with energy to its audiences. www.fibin.com

Ionad Chultú rtha

Is é aidhm an Ionad Chultúrtha ealaíon d'árd chaighdeán a chur chun chinn agus suim sna h-ealaíona a mhúscailt i measc an phobail. Tá clár dubhshlánach leagtha amach ag Ionad Cultúrtha - idir ranganna, ceolchoirmeacha & taispeantaisí - a chuireann an t-ionad ealaíona seo i gceart lár saol ealaíona Mhúscraif

Cuireann Ionad Cultúrtha clár oideachais ealaíona ar fáil do dhaltai ar cheantair i rith na scoil bliana - idir ranganna drámaíochta, ranganna sean-

nóis agus ranganna ceoil, comh maith le clár ceolchoirme scoile, nuair a bhíonn aíonna áirithe ar camchuart sa cheantar. Cuirtear na scoilanna áitiúla ar an eolas faoi na taispeantaisí ealaíona agus tugtar cuireadh dóibh teacht chuig dánlann Ionad Cultúrtha.

Tugann Ionad Cultúrtha Mhúscraif deis do dhaoine taithí a bheith acu ar na h-ealaíona comh-aimseartha. www.ionadculturtha.ie



Raidió Rí Rá

Is é Raidió Rí-Rá an t-aon chartstáisiún lánGhaeilge don aos óg in Éirinn. Craolann sé na hamhráin is déanaí ó na cairteacha ar-líne ag www.rrr.ie tríd an bhliain ar fad. Thosaigh an stáisiún ag craoladh ar-líne i mí an Mhárta 2008 agus chaith ógfhóireann Raidió Rí-Rá trí seachtaine ag craoladh beo ar FM i Márta 2009 agus i Márta 2010, buíochas le ceadúnas sealadach ilchathrach ó Choimisiún Craolacháin na hÉireann (Údarás Craolacháin na hÉireann anois) agus le tacaíocht ó Chonradh na Gaeilge.

Ar an mheán, bíonn breis agus 3,000 duine ag éisteacht leis an stáisiún ar-líne ar fud na cruinne, gach mí, líon a ardáinn go suntasach nuair a bhíonn an stáisiún ag craoladh beo ar an gcóras FM freisin.

Baineann Raidió Rí-Rá úsáid as an nGaeilge mar uirlis mhargaíochta le branda agus le próifíl an chartstáisiúin i measc daoine óga a ardú trí dhaoine cáiliúla le Gaeilge a úsáid mar chraoltóirí, mar aíonna, agus mar phearsanantachtaí ag preasócaidí chun an stáisiún a phoiblíú.

Is uirlis iontach í an Ghaeilge le spriocmhargadh Raidió Rí-Rá a leathnú amach sna scoileanna, sna coláistí tríú leibhéal agus sna coláistí samhraidh fud

fad na tíre chomh maith.

Tapaíonn Raidió Rí-Rá gach deis le sár-úsáid a bhaint as an nGaeilge sa ghnó.

Raidió Rí-Rá is the only all Irish language chartstation for young people in Ireland, playing the latest songs from the charts on-line at www.rrr.ie all year round.

The station started broadcasting online in March 2008 and the station's young team spent three weeks broadcasting live on FM in March 2009 and March 2010, thanks to a provisional multi-city licence from the Broadcasting Commission of Ireland and with support from Conradh na Gaeilge.

On average, more than 3,000 people listen to the station online worldwide every month, a figure which rises substantially when the station broadcasts live on the FM system.

Raidió Rí-Rá uses the Irish language as a marketing tool to raise awareness of the brand and the profile through the use of famous Irish speakers as broadcasters, guests and as personalities at press launches publicising the station.

The chart station provides a high standard service 24/7, 365 days a year.

www.rrr.ie



Seán Ó hAdhmaill agus Miriam Maher, láithreoirí Raidió Rí-Rá, leis an Aire Éamon Ó Cuív ag seoladh sheirbhís FM Raidió Rí-Rá sa stiúideo i mBaile Átha Cliath

Ollmharagadh an tSíthigh

Bunaíodh an gnó tuairim is 150 bliain ó shin i gCorca Dhuibhne.

Ollmharagadh atá ann anois agus é fós ag freastal ar mhuintir na háite agus ar chuiditheoirí go dtí an ceantar.

Tá sé tábhachtach ag an ollmharagadh gach iarracht a dhéanamh atmaisféar taitneamhach siopadóireachta a chothú dá chustaiméirí. Cainteoirí dúchasacha Gaeilge, is maith leo a bheith ábalta gnáthrudáí an lae, cosúil le siopadóireacht, a dhéanamh tré Ghaeilge. Ansan, tá custaiméirí ná fuil an Ghaeilge ar a dtail acu, ach is maith leo iarracht a dhéanamh, an cúpla focal a labhairt; agus tá siad siúd ná fuil aon fhocal acu ach is breá leo í a chloisint agus go minic, imíonn siad le frása nó focal nó dhó.

Chun freastal air seo agus chun an Ghaeilge a chur chun cinn, baineann Ollmharagadh an tSíthigh úsáid as an nGaeilge ina fhógraíocht agus ar



Pádraig Mac Síthigh

chomharthaí lasmuigh agus istigh san ollmharagadh.

Úsáideann an fhoireann a cuid Gaeilge, leis, gach duine ag déanamh a iarrachta féin.

Caitheann an fhoireann suaitheantais a mheabhraíonn don gcustaiméir an caighdeán Gaeilge atá acu.

Ollmharagadh an tSíthigh was founded around 150 years ago. It was a small shop to begin with and catered primarily, as it still does today, for the people of the town and district of Corca Dhuibhne.

The small shop has now developed into a supermarket that serves the people of the area and visitors to our town.

It is very important for the supermarket to endeavour to provide an attractive shopping atmosphere for its customers.

Native Irish speakers like to do everyday things, like shopping, in their own language.

Then there are customers who are not fluent but who like to try out their

'cúpla focal' as well as those who have no Irish but who might leave with a few phrases or a few new words.

To cater for these people and to advance the language, the Ollmharagadh uses Irish on its signage, both in-store and out, as well as in its advertisements.

The staff use their Irish whenever possible so that everybody is making an effort for the language.

Ollmharagadh an tSíthigh is associated with 'Corca Dhuibhne ag Caint', a group that is working to encourage spoken Irish.

The staff wear badges to inform the customers of the level of Irish they have.

The Ollmharagadh believes that these little things help with the advancement of the Irish language, and as a business, believes that the use of Irish adds greatly to the atmosphere and the spirit of the supermarket.

Socos Teo

I mí Mheán Fómhair 1994 a bunaíodh Socos Teo in Indreabhán, Conamara, Co na Gaillimhe.

Soláthraíonn an comhlacht seirbhís iomlán páipéarachais, trealamh oifige, troscán oifige agus ábhair ríomhaireachta, chomh maith le rogha leathan ábhar do scoileanna. Déanann Socos a ngnó uilig tré Ghaeilge. Bíonn daoine taobh amuigh den cheantar ag plé leo freisin, ach is i nGaeilge a dhéanann siad 80 faoin chéad dá gcuid gnó. Is ar Chonamara, ar Oileáin Árann agus ar Chathair agus ar Chontae na Gaillimhe is mó a fhreastalaíonn siad.

Faoi láthair, tá seachtar de bhunadh na háite fostaíte ag an gcomhlacht. Tá beirt i bhfeighil obair riaracháin na hoifige, beirt amuigh ar an mbóthar ag déanamh díolacháin, beirt ag seachadadh agus tá duine amháin ina riarathóir stoic. Ó am go ham, fostaíonn said daoine eile go sealadach le cabhrú leo troscán a chur le chéile agus mar sin de.

Is féidir siúl isteach agus breathnú ar na hearraf a bhíonn ar díol agus ar reic acu. Tá seomra nua taispeántais ag an chomhlacht ina mbíonn roinnt mhaith dá gcuid táirgí le feiceáil.

Socos Teo was founded in Indreabhán, Conamara, Co Galway, in September 1994. The company provides a complete stationery service, office equipment, office furniture and computer materials, as well as a wide range of school materials.

Socos does its business through the medium of Irish, catering mostly for Conamara, the Aran Islands and Galway City and County.

At present it employs seven local people in the business. Two are administrative workers in the office, two work outside the office in a sales capacity, two deal with deliveries and one is a stock controller.

The Irish language is at the heart of the



company, and the language is used daily in the office. Socos receives orders from other companies in other Gaeltachtaí because Irish is the language it uses in its day-to-day business.

www.socos.ie

Rua Media

Bunaithe in 2009 ag Tomaí Ó Conghaile (eagarthóir na hirise stílbeatha, nós*, agus láithreoir teilifíse leis an BBC) agus Frainc Mac Cionnaith (ceoltóir le Casadh agus Bainisteoir Imeachtaí ag Cultúrlann McAdam Ó Fiaich), is Cuideachta Leas an Phobail é Rua Media a bhuaigh conradh anuraidh ón Chiste Craoltóirteachta Gaeilge ó thuaidh chun seirbhís idirlín nuachta a chur ar fáil as Gaeilge.

Seoladh an suíomh nuálach nuachta, www.nuacht24.com, ní ba luaithe i mbliana agus cuireann sé iriseoireacht cheannródaíoch scríbhneoirí ar nós Eoghain Uí Néill, mar aon le gnéfhéasáin ar chúrsaí reatha, na healaíona agus imeachtaí Gaeilge, i láthair an phobail, ar bhonn laethúil.

"Tá líon na ndaoine a bhíonn ag amharc ar fhéasáin agus ag léamh na

nuachta ar líne ag méadú i gcónaí agus anois beidh Nuacht24 in ann freastal cuimsitheach a dhéanamh ar phobal idirlín na Gaeilge, a bhfuil beocht an-mhór faoi i láthair na huaire," arsa Tomaí Ó Conghaile ó Rua Media.

Established in 2009 by Tomaí Ó Conghaile (founding editor of lifestyle magazine, nós*, and Irish language television presenter with the BBC) and Frainc Mac Cionnaith (musician with Casadh and Events Manager at Cultúrlann McAdam Ó Fiaich), Rua Media is a Community Interest Company which last year secured a contract from the Irish Language Broadcast Fund to provide a daily Irish language online news service.

The innovative news site, www.nuacht24.com, launched earlier



this year, combines the pioneering online journalism of writers such as Eoghain Ó Néill with daily video features on current affairs, the arts and Irish language events and issues.

"The number of people accessing news and visual content online

continues to grow and now Nuacht24 is able to serve the increasingly vibrant online Irish language community," said Tomaí Ó Conghaile of Rua Media.

www.nuacht24.com

Builín Blasta

Caifé den seandéanamh é Builín Blasta atá neadaithe sa sráidbhaile ceardaíochta ar an Spideál, Co na Gaillimhe. J-me Peaker, ar den Nua-Shéalainn ó dhúchas í, agus Nina Walsh as Cill Chainnigh, a chuir an caifé ar bun in 2008. Tá míniú simplí acu ar an rath atá tagtha ar an fhiontar: an luath-éirí, an obair chrua – le miongháire, agus an-dáimh leis an dúchas.

Plódaíonn na mílte mac léinn isteach sa Spideál gach samhradh le sult a bhaint as an Ghaeilge agus as an Ghaeltacht agus is féidir idir chuariteoirí agus mhuintir na háite an Ghaeilge a labhairt is a chluinstin i mBuilín Blasta.

Gaeilgeoirí líofa iad foireann uilig Bhuilín Blasta, iad tiomanta do chur chun cinn na teanga agus iad lánsásta oiread Gaeilge agus is féidir a úsáid.

Cuirfidh rogha agus togha an bhia uisce leis na fiacla – ó chisté éisc go seabhdar bia mara go bolgam i ndiaidh bolgaim de thae duillí agus de chaife maith. Nó is féidir deireadh dúile a bhaint as donnóg biatais!

Is é an táirge is úire againn ná subh ar leith i bpróca ar leith ar a bhfuil an lipéadú i nGaeilge amháin.

Builín Blasta is a quaint café tucked away in Ceardlann Craft Village in the seaside town of An Spideal, Co Galway. Established in 2008 by New Zealand-born J-me Peaker and Co Kilkenny native, Nina Walsh, the huge success of the thriving business is simple: get up early, work hard with a smile and immerse yourself in all things Irish.

Thousands of students descend on An Spideal every summer to enjoy the Irish



language and unique Gaeltacht culture and Builín Blasta provides visitors and locals alike the chance to speak and absorb the ancient Irish tongue.

Visitors to Builín Blasta can enjoy a mouthwatering selection of handmade foods from fish cakes to seafood chowder washed down with a stunning selection of loose-leaf tea and coffees. They can also treat themselves to Builín Blasta's latest innovation — a superb, home-made jam branded in Irish.

Gaelscéal

Is é Gaelscéal, an nuachtán seachtainiúil Gaeilge is nuálaí, is bríomhaire agus is tráthúla dá bhfuil ann. Tá sé i mbun táirgeochta ó dheireadh mí an Mhárta. Tugann Gaelscéal spleáchadh do léitheoirí fud fad oileán na hÉireann ar chúrsaí reatha, idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnach; oideachas, spórt, cúrsaí saoil, caitheamh aimsire mar aon le saol na Gaeilge agus na Gaeltachta. Tá tacaíocht á fháil ag an nuachtán ó Fhoras na Gaeilge.

Is comhfhiontar atá ann idir Eo Teilifís & An Curadh Connachtach. Is nuachtán ildathach, 32 leathanach i bhfoirm thablóideach atá ann, é ar fáil ar fud na 32 contae agus ar shíntiús thar lear.

Gaelscéal, is an innovative, dynamic, weekly Irish language newspaper, in circulation since the end of March. Gaelscéal lets readers throughout Ireland take a glimpse of current affairs on a

regional, national and international level. The project is supported by Foras na Gaeilge.

Gaelscéal is a joint venture between Eo Teilifís and An Curadh Connachtach. It is a full colour, 32 page newspaper in tabloid format which is available throughout the 32 counties and by subscription overseas.

www.gaelsceal.ie

Coiste Forbartha Charn Tóchair

Bunaíodh Coiste Forbartha Charn Tóchair (CFCT) i 1992 i gceantar tuaithe sna Speiríní taobh amuigh de Mhachaire Rátha i ndeisceart Chontae Dhoire.

Is comhphobal dátheangach é Carn Tóchair agus an t-aon chomhphobal taobh amuigh den Ghaeltacht ina bhfuil bunús na bpáistí bunscoile ag fáil oideachais trí mheán na Gaeilge. Tá breis is 170 daoine óga faoi 21 d'aois a

tháinig tríd an chóras Gaelscolaíochta. Chomh maith leis sin tá 7 dteaghlach ann atá ag tógáil clainne le Gaeilge.

Is é príomhchuspóir CFCT an ceantar a athbheochan trí réimse tionscadail timpeallachta, eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha. Ba é aiseag na Gaeilge croí-éiteas an choiste agus bíonn na tionscadail uile curtha ar fáil go dátheangach.

Cuireann CFCT béim ar seirbhísí a

sholáthar trí mheán na Gaeilge don chomhphobal beoga óg bríomhar atá ag fás aníos sa cheantar tuaithe seo. Comh maith leis sin cruthaíonn CFCT deiseanna oiliúna agus deiseanna fostaithe do Ghaeilgeoirí. Seo cuid de na himeachtaí agus de na tionscnaimh atá curtha chun cinn ag CFCT:

- Oifig an Phoist - an t-aon Oifig Phoist sa Tuaisceart atá ag soláthar seirbhísí go rialta trí mheán na Gaeilge.
- Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta agus do dhaltáí scoile.
- Ranganna oiliúna agus caitheamh aimsire
- Club larscoile – ag soláthar réimse leathan imeachtaí do pháistí Gaelscoile.
- Club Óige – atá á reáchtáil agus á sholáthar ag na daoine óga féin.

Coiste Forbartha Charn Tóchair (CFCT) was founded in 1992 in a rural area in the Sperrins outside of Maghera in south county Derry.

Carn Tóchair is a bilingual community and the only community outside of the Gaeltacht where most of the children are receiving their education through the medium of Irish.

There are more than 170 young people under the age of 21 who came through the Gaelscoil

system.

Also there are 7 families raising children through Irish.

The main aim of CFCT is to revitalise the area through a range of environmental, economic, social and cultural projects.

The revival of the Irish language is the main aim of the CFCT, and every project is carried out bilingually.

The CFCT place an emphasis on providing services through the medium of Irish for this young, vibrant community that is growing up in a rural setting.

As well as that, CFCT creates training and employment opportunities for Irish speakers.

These are a few of the projects being undertaken by CFCT:

- Post Office – the only Post Office in the North that provides services regularly through the medium of Irish.
- Irish Classes – for grown-ups and school children.
- Training classes and recreational events.
- After-school club – providing a wide range of activities for Gaelscoil pupils.
- Events and facilities for families raising their children through Irish.

www.ancarn.org



Lohans Restaurant

Tá Caifé, Beár, Bialann agus Eisceadúnas Uí Leocháin suite i gcroílár Bhóthar na Trá. Ó osclaíodh na doirse in 2006, tá an áit i mbéal an tslua agus ardiomrá ar an bhia baile den scoth, ar an tseirbhís chairdiúil, ar an timpeallacht shuaimhneach agus ar an fháilte Ghaelach a chuirtear roimh an uile dhuine.

Gnó teaghlach is ea é agus cuirtear togha an bhia Éireannaigh ar fáil.

Tá a gcuid biachlár uilig dátheangach, mar atá a gcuid fógraíochta, comharthaíochta agus stáiseanáireachta. Úsáidtear seirbhís téacs, ríomhírisí agus cártaí dílseachta chun teagmháil a dhéanamh lena gcustaiméirí, agus tá siad seo ar fad dátheangach. Eagraíonn Lohans ciorcal comhrá Gaeilge go rialta agus má ordaítear 'cupán tae' i nGaeilge lena linn, cupán tae saor in aisce a bhíonn ann!

Cloch choirnéil rath Uí Leocháin ná díograis na foirne i leith na Gaeilge. Tá siad tar éis 'Oifigeach Gaeilge' a cheapadh le cur chun cinn na Gaeilge a chinntiú taobh istigh is taobh amuigh den ghnó. Fostaíonn siad Gaeilgeoirí líofa, a chaitheann suaitheantas 'Tá Gaeilge agam', agus tá cúrsaí Gaeilge déanta ag cuid den fhoireann.

Oibríonn siad go dlúth le heagraíochtaí ar nós Chonradh na Gaeilge agus Raidió na Gaeltachta, a dhéanann seó beó ó Thigh Uí Leocháin le linn Sheachtain na Gaeilge.

Lohans Café, Bar, Restaurant and Off Licence located in the heart of Salthill, Galway, was established in 2006. In this short period of time, it has built up a firm brand and an outstanding reputation for great homemade food, friendly service in casual, relaxed surroundings and a warm Irish Fáilte Romhat!

Lohans is a family run business. Its menu is quintessentially 'Irish', serving traditional Irish dishes like 'Bacon & Cabbage' and 'Beef & Guinness Stew'.

All its menus are bilingual, as is its advertising, signage and stationery. Lohans uses its Loyalty Card to bilingually communicate with its customers: members get regular bilingual text alerts and bilingual monthly e-zines. Lohans hosts a regular



An tAire Éamon Ó Cuív ag bronnadh gradaim Ghaeilge ar Patricia Lohan

Irish conversation evening where if you order a 'cupán tae' in Irish, you will get it for free.

The team's commitment to Gaeilge and its use in Lohans is key to its success. Lohans has appointed an 'Irish Officer' to ensure that it continues to increase Gaeilge visibility both within and outside the business. Irish-speaking staff wear 'Tá Gaeilge agam' badges and engage customers in Irish conversation. Staff have also completed Irish language courses.

www.lohans.ie

Sugru

Tagann ainm an chomhlachta ón fhocal Gaeilge 'súgradh' agus is féidir le SUGRU bheith mar an t-aireagán is nuálaí ó Sellotape nó Blu-Tack.

Agus muid go léir sásta rudaí a chaitheamh amach agus iad gan úsáid a thuilleadh nó briste, chruthaigh an mac léinn dearaidh Jane Ní Dhulchaointigh modh Gaeilge-spreagtha le húsáid nua a bhaint as seanábhair agus ábhair bhriste: Sugru.

Tá an t-aireagán simplí agus cliste déanta de shileacán is féidir a úsáid le rudaí a ghlúáil le chéile nó buataisí lígeacha a phasteáil.

Derived from the Irish word for play, SUGRU could

quite possibly be the most innovative invention since Sellotape or Blu-Tack.

While most of us are quite happy to throw things out when they're no longer useful or simply just broke, design student Jane Ní Dhulchaointigh embarked on an Irish language-inspired method of breathing new life into old and broken bits and bobs.

This simple yet clever invention is nothing more than a type of silicone which can be used to glue things together, patch leaky boots, or create a variety of custom-made handles.

www.sugru.com



Jane Ní Dhulchaointigh

Meteor

I mbliana, sheol Meteor, an t-oibreoir líonra fón póca Éireannach, seirbhís nua ghlórphoist as Gaeilge, an chéad cheann ar an mhargadh, agus seirbhís atá ar fáil do chustaiméirí Meteor amháin.

Ba í Síle Seoige a sheol an tseirbhís nua teachtaireachtaí, a ligeann do chustaiméirí Meteor an 'cúpla focal' a úsáid gach lá. Agus an-rath ar an leagan Gaeilge dá suíomh gréasáin, Meteor.ie, lean an comhlacht de bheith ag freagairt do riachtanais a chuid custaiméirí agus tá áthas ar an líonra fón póca Éireannach an chéad seirbhís ghlórphoist Ghaeilge dá leithéid a chur ar bun.

Tá súil ag Meteor tógáil ar an tionscnamh seo le linn na bliana 2010 agus tá áthas air tacaíocht a fháil ó Fhoras na Gaeilge.

Chun teacht ar an tseirbhís nua ghlórphoist, ní gá do chustaiméirí Meteor ach glaoch ar 171, rogha 4 a roghnú ón roghchlár (roghanna do bhosca poist) agus ansin rogha 9 chun teanga an bhosca poist a roghnú.

Tá áthas ar an láithreoir teilifíse agus ambasadóir ar son na Gaeilge, Síle Seoige, a bheith páirteach i seoladh sheirbhís ghlórphoist Ghaeilge Meteor agus gur úsáideadh a guth féin, guth ceolmhar

Chonamara, sa teachtaireacht taifeadta as Gaeilge!

Irish mobile phone network operator Meteor has launched a new, innovative, first-to-market, Irish voicemail service available exclusively to all Meteor customers.

Launched with Gaeilgeoir Síle Seoige, the new messaging service allows Meteor customers to use the 'cúpla focal' in a small way, each day.

Following on from the success of the Irish version of their website, Meteor.ie, Meteor has responded to the needs of their growing customer base and the Irish mobile network is proud to be embracing the first-of-its-kind Irish Voicemail service.

Meteor hopes to build on this initiative throughout 2010 and are delighted to have the support of Foras na Gaeilge, the body responsible for the promotion of the Irish language throughout Ireland.

In order to access the Irish voicemail service, Meteor customers simply dial 171, then from the menu choose option 4 mailbox preferences and then option 9 to choose mailbox language.

Television presenter and ambassador for the Irish language, Síle Seoige, is delighted to be part of the

launch of Meteor's Irish Voicemail service and for her voice, the recognisable Connemara lilt, to be used for the recorded message as Gaeilge!

www.meteor.ie



Síle Seoige ag seoladh glórphoist Meteor le Elaine Robinson as Meteor agus Eamonn Ó hArgáin as Foras na Gaeilge

Michael Quinn

De thoradh na díanoibre agus an tiomantais dá cheird, tá Michael Quinn (ar dheis), bunaitheoir agus úinéir an chomhlachta, Michael Quinn Hairdressing, tar éis an comhlacht féin a chur i mbéal an phobail ní amháin in Éirinn ach sa Bhreatain fosta. Tá an-chlú ar an chomhlacht sna meáin chumarsáide chomh maith: bhí sé mar aoi ar chlár theilifíse amháin, Gok Wan's Fashion Fix, rinne nuamhaisithe ar Ireland AM ar TV3, agus sholáthair an iliomad fótaisheisiúin do na hirísí gruagaireachta agus d'irisleabhair fhaisín.

Tá Michael ina bhall d'fhoireann ealaíne Matrix le cúig bliana anuas agus tá seónna déanta aige os comhair scaifí ollmhóra, in Éirinn agus thar sáile, a léiríonn na scileanna agus na cleasanna atá foghlamtha aige thar na blianta.

Is breá le Michael a shaineolas maidir le cúrsaí gruagaireachta a roinnt le gruagairí eile atá ag teacht chun cinn sa tionscal.

Tá grá mór ag Michael d'oidhreacht agus do chultúr na hÉireann, agus nuair a bhain sé áit amach i mbabhta ceannais Ghradaim Ghruagaireachta na Breataine, chuir sé le chéile bailiúchán dar teideal 'Celtic Dream', bailiúchán bunaithe ar an Ghorta Mór in Éirinn.

I dteannta lena ghrá do cheol agus do sheanchas na hÉireann, tá luí ar leith

ag Michael le teanga dhúchais na tíre agus nuair a bhíonn faill aige, bíonn sé ag foghlaim na teanga agus é mar sprioc aige ardleibhéal líofachta a bhaint amach.

Agus caomhnú ár gcultúir dhúchasaigh ar intinn ag Michael, tá sé tar éis tús a chur le tionscnamh spreagúil úr ina sciamlann gruagaire: tugtar lascaine 50 faoin chéad d'aon chliant a labhraíonn i nGaeilge amháin.

Tá sé dóchasach go mbeidh sé ábalta, amach anseo, seó ar leith Matrix a chur ar fáil i gceantair Ghaeltachta.

Michael Quinn Hairdressing, through consistent hard work and dedication, has become a hairdressing force both in Ireland and Britain. Michael's enthusiasm for hairdressing has seen him receive much critical acclaim, landing him guest slots with TV shows such as Gok Wan's Fashion Fix, makeovers on Ireland AM on TV3, as well as producing countless photo shoots for many of the main trade hair magazines and commercial fashion magazines.

Michael (above) has now been part of the Matrix artistic team for five years, and has produced shows, throughout Ireland and Britain, demonstrating the skills and tricks of the trade that he has picked up over the years. Michael loves to share his hairdressing knowledge with other budding hairdressers in the



industry and takes pride in delivering cutting edge hairdressing techniques.

Michael has always had a strong love and interest in the Irish heritage and culture, so much so, that he reached the finals of the British hairdressing awards with his collection entitled 'Celtic Dream', a collection inspired by the Famine in Ireland.

As well as his love of Irish music and stories of old Ireland, Michael has also taken a huge interest in the Irish language. In his spare time, he is learning Irish and aims to achieve fluency.

Believing in the preservation of Irish culture, Michael has created an

incentive within the salon for other Gaeilge enthusiasts: the salon offers 50 per cent discount to all clients that come in and speak only Irish.

Always looking ahead, Michael has ambitions, once he has mastered the Irish language, to fuse both of his passions together and would like to appear on Irish speaking makeover shows such as those on TG4, Irish radio and write for Irish publications. He is even optimistic that he will some day be able to deliver a tailored Matrix course to a Irish speaking area.

www.michaelquinnhairdressing.com

Raidió Na Life

Ón irisclár laethúil nua, Beo ag a Dó, go dtí an clár oideachasúil, Prós (Plus) na hArdeistiméireachta – sraith a chuidíonn le daltaí na hArdeiste le hullmhú do na scrúduithe Gaeilge, go dtí an clár litríochta is ceoil, An Caife Liteartha, a thug filíocht, ceol agus litríocht shuibhir leithinis Corca Dhuibhne go pobal Gaeilge Bhaile Átha Cliath ó shraith d'ócáidí a taifeadadh sa Chaife Liteartha sa Daingean, tá Raidió na Life tar éis cur go suntasach leis an rogha leathan clár atá á soláthar acu do phobal Gaeilge na hArdchathrach in 2010. Níl iontu seo thuas ach sampla beag den éagsúlacht clár nua-aimseartha atá le cloisteáil ar an stáisiún pobail, 7 lá den tseachtain, maidin, nóin is oíche!

Bhí an stáisiún mar chraoltóir oifigiúil in 2010 do phríomhfhéile chultúrtha na

tíre, Féile Naomh Pádraig, agus d'Fhéile Cheoil Thraidisiúnta Bharra an Teampaill (Temple Bar TradFest), an t-aon stáisiún raidió Gaeilge agus an t-aon stáisiún pobail le bheith luaite le ceachtar den dá mhórfhéile chultúrtha seo.

Bíonn an stáisiún ag comhoibriú ar bhonn leanúnach le Raidió Fáilte i mBéal Feirste fosta, agus tá roinnt d'iar-alumni an stáisiúin sin anois le cloisteáil ag cur a gclár féin i láthair ar Raidió na Life i dtuinn aitheanta Bhéal Feirste.

Gné eile de ghnó laethúil Raidió na Life ná an tseirbhís phroifisiúnta taifeadta agus léiriúcháin fuaimseartha a chuireann siad ar fáil trí Ghaeilge i stiúideo taifeadta gairmiúil an stáisiúin, Stiúideo Dearg. Le hinfheistíocht leanúnach i Stiúideo Dearg, tá Raidió na Life ag cur ceann de na háiseanna taifeadta agus léiriúcháin fuaimseartha dá bhfuil ann i lár Chathair Átha Cliath ar fáil do phobal gnó na Gaeilge.

From the new daily magazine show, Beo ag a Dó, to the educational program, Prós (Plus) na hArdeistiméireachta - a series which helps Leaving Cert students to prepare for the Irish language exam, to the music and literature program, An Caife Liteartha, which brought poetry, music and the rich literature of the Corca Dhuibhne peninsula to the Irish speaking community of Dublin from a series of events which were recorded in An Caife Liteartha in An Daingean, Raidió na Life has added noticeably to the vast range of programs being provided for the Irish speaking population of the capital in 2010.

The above mentioned are only a small sample of the variety of modern, up-to-date programs that can be heard on the station, 7 days a week, morning, noon and night!

The station continues to co-operate on a regular basis with Raidió Fáilte in Belfast, and some of the former alumni of that station can now be heard presenting their own programs on Raidió na Life, in a recognisable Belfast accent. Another aspect of Raidió na Life's work is the professional recording and audio production services it provides through the medium of Irish, in its professional recording studio, Stiúideo Dearg.

With continued investment in Stiúideo Dearg, Raidió na Life is providing one of the most professional audio production and recording facilities to be found in the centre of Dublin, and providing these services to the Irish language business community.

www.raidionalife106.com



Dónal Ó Donnabháin Clár Reachtaire agus Muiris Ó Fiannachta, Bainisteoir Stáisiúin

Translink

Tá Translink, a chuimsíonn Metro, NI Railways agus Ulsterbus, ar an phríomhsholáthraí iompair phoiblí i dTuaisceart Éireann.

Is é cuspóir Translink ná córas comhtháite iompair a chur ar fáil atá tarraingteach, inmhharthana agus ar luach maith.

Sa bhliain 2008, sheol Translink réimse ábhair i nGaeilge do phaisinéirí, ina measc: cláir ama agus eolas bealaí do scáthláin bhús; treoir dar teideal Féach ar Bhéal Feirste ag Metro ina n-aibhsítear séadchomharthaí na cathrach agus nithe is díol spéise inti; bileog agus póstaer dar teideal Rialacha Bus le haghaidh Sábháilteachta, a léiríonn an t-ardú atá tagtha ar an líon páistí a bhíonn ag taisteal leo chuig Gaelscoileanna; agus Ag Taisteal le Translink: Treoir le haghaidh úsáid iompair phoiblí i dTuaisceart Éireann, ina bhfuil léarscáileanna bus agus iarnróid.

Tá an t-ábhar nua Gaeilge seo ar fáil i nGaelscoileanna mar aon le sólána, ionaid phobail agus ionaid turasóireachta ar fud Cheathrú Ghaeltachta Bhéal Feirste.

Anuraidh, d'oscail Translink stáisiún traenach nuálach in Iúr Cinn Trá ina bhfuil comharthaíocht dhátheangach, agus faoi láthair, tá sé ag ullmhú aistriúchán Gaeilge ar chomharthaíocht na stadanna bus ar Bhóthar na bhFál.

Tá na háiseanna Gaeilge seo mar pháirt d'iarrachtaí Translink ábhar a chur ar fáil dár bpaisinéirí i dteangacha a bheadh úsáideach acu, teangacha a léiríonn an éagsúlacht teangacha agus ár n-oidhreacht shaibhir chultúrtha.

Cabhraíonn siad linn eolas tábhachtach a chur ar fáil don phobal Gaeilge áitiúil agus do chuariteoirí le Gaeilge, agus is fusa theacht ar ár gcuid seirbhísí dá mbarr.

Translink is the main provider of public transport in Northern Ireland, including Metro, NI Railways and Ulsterbus. Translink's aim is to provide integrated travel solutions that are attractive, sustainable and good value.

In 2008, Translink launched a range of Irish language passenger materials including: bus-shelter timetable and route information; a 'See Belfast by Metro' guide to the city's main landmarks and attractions; a 'Bus Rules for Safety' leaflet and poster targeting school children that also reflects the growing numbers of children travelling on its services to Irish speaking schools; and a 'Travelling with Translink: Guide to Using Public Transport in Northern Ireland' including bus and railway route maps.

These new Irish language materials are available in Irish speaking schools as well as community, leisure and tourism centres across the Gaeltacht



Catherine Mason, Príomhfhéidhmeannach Translink leis an Aire Conor Murphy agus Ardmhéara Comh. John Feehan ag oscailt an stáisiúin nua traenach san Iúr

Quarter of West Belfast.

Last year, Translink also opened Newry's new state-of-the-art Train Station featuring bi-lingual signage and is currently preparing Irish translations of Metro bus stop flags along the Falls Road Bus Corridor.

These Irish resources form part of Translink's overall drive to provide passenger materials in languages most

useful to its customers, reflecting our linguistic diversity and rich cultural heritage.

They help Translink to communicate important information to both local and visiting Irish language speakers and to provide easier access to its services.

www.translink.co.uk

Conor Allen

Is Leas-Uachtarán Teicneolaíochta é Conor Allen (thíos) ag NYSE Technologies, gnó teicneolaíochta tráchtála phríomhoibrítheoir malartáin an domhain, NYSE Euronext. Faoi láthair, cónaíonn agus oibríonn Conor i mBéal Feirste agus Nua Eabhrac agus tá sé freagrach as croí-innealtóireacht agus teachtaireachtaí ardfheidhmíochta.

Lauistigh den saíunchúram seo, is é an príomhailtire d'Fhabraic Sonraí NYSE Technologies: córas teachtaireachtaí iliompair cuimhne-roinntbhunaithe, a sholáthraíonn feidhmíocht teachtaireachtaí ceannródaíoch, é Conor. Is í príomhghné eile de ról Conor ná a fhreagracht as Taighde agus Forbairt laistigh de NYSE Technologies.

Tugann sé seo rochtain do Conor ar réimse ollmhór teicneolaíochtaí nua agus atá ag teacht chun cinn i ríomhaireacht ardfheidhmíochta.

Tá BEng in Innealtóireacht Aerloingseoireachta agus MSc i Ríomheolaíocht ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste ag Conor. Tá suim mhór ag Conor i karate Okinawanach, taisteal coigríche agus an Sazerac foirfe a fháil.

Born in Canada and reared in Conamara, Conor Allen (right) divides his working life between New York and Belfast.

He is Vice-President of Technology at the New York Stock Exchanges' NYSE Technologies, the commercial

technology business of the world's leading exchange operator, NYSE Euronext.

Conor is the chief architect for NYSE Technologies Data Fabric; a multi-transport shared memory based messaging system. He was a key player in Belfast company Wombat which was bought over by NYSE Euronext in 2008 for \$200 million. He has a keen interest in Okinawan karate and foreign travel.

www.nyse.com



FORBAIRT FEIRSTE

ag Fíorú na ceathrún gaeiltachta

Mar fheighlithe na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh caithfidh muid bheith réamhghníomhach maidir le freagracht as na hacmhainní a úsáideann muid. Baineann muid é seo amach trí chumas a chur ar ár bpobal tairbhe a bhaint as an luach a chruthaíonn muid. Is dúshlán ionann é sin dóibh siúd atá ag iarraidh tacaíocht agus acmhainní uainn áfach.

www.forbairtfeirste.com

Comhlacht Forbartha na nDéise Teoranta

Bunaíodh Comhlacht Forbartha na nDéise Teo in 2005 chun freastal ar riachtanais phobal Ghaeltacht na nDéise.

Sé mhíle siar ó bhaile fáilteach Dhún Garbhán agus ag féachaint amach i dtreo Chuan Dhún Garbhán agus na Meá atá Gaeltacht na nDéise. Neadaithe faoi scáth Shléibhte áille an Chomaraigh, áirítear paróiste na Rinne agus an tSean-Phobail mar chuid den cheantar Gaeltachta seo.

Is domhan ann féin é, lena phobal fáilteach, a thírdhreach álainn, a mhúirdhreach draíochtúil agus, thar aon ní eile, a bheocht chultúrtha. Tá an-ghrá ann don cheol Gaelach, do na hamhráin, don rince agus don teanga. Is féidir tónn na ndaoine an traidisiún seo a roinnt leis an gcuairteoir a fheiscint go minic i dtithe ósta fóirchoine fáilteacha an cheantair.

Is é an fhís atá ag Comhlacht Forbartha na nDéise, pobal Gaeltachta beo bríomhar a chothú. Déanann siad seo trí bhuanachtúir na Gaeltachta a chosaint agus a spreagadh chun misneach agus spiorad a mhúscailt.

Tá leagtha amach ag Comhlacht Forbartha na nDéise roinnt aidhmeanna chun an fhís seo a bhaint amach, mar atá, daoine óga, neamhspleácha, eolacha a fhorbairt agus seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil do pháistí na dúiche; teanga agus cultúr saibhir an cheantair a chaomhnú agus a neartú i measc an phobail; agus gréasán pobail a chruthú a chinnteoidh go mbíonn muintir na Rinne agus an tSean-Phobail gníomhach rannpháirteach i saol laethúil an cheantair.

Comhlacht Forbartha na Déise was

set up in 2005 to serve the needs of Gaeltacht na nDéise.

The parishes of An Rinn and An Seanphobal are situated in the Gaeltacht which lies six miles west of the welcoming town of Dungarvan and looks out over Dungarvan Harbour and Muggort's Bay, while nestling in the shadow of the beautiful Comeragh Mountains.

Here is a world unto itself: a welcoming community, beautiful landscapes, breathtaking seascapes and, above all, a vibrant cultural life.

Comhlacht Forbartha na nDéise aims to protect and nourish the Gaeltacht and its traditions. Among its aims is creation of a community network for the people of An Rinn and An Seanphobal.

Development of the natural resources of the area to their full



Tadhg Ó Maoileoin

potential is also a priority, as is the provision of better public services.

www.deise.ie

D'Arcy Marketing & P.R.

Bhunaigh Noreen D'Arcy D'Arcy Marketing & PR sa bhliain 1998.

Is é an príomhchomhlacht Margafochta & CP san Iarthar é agus tá aitheantas náisiúnta aige mar cheann de príomhchomhlachtaí an tionscail é. Le cur chuige ardspreagtha, inniúlacht ghnó agus cáil air as torthaí inláimhsithe a bhaint amach ar fud gach uile speicstream margafochta agus meán.

Le smaointe cruthaitheacha agus úra chomh maith le caidrimh agus teagmhálaithe bunaithe sna meán náisiúnta agus réigiúnacha, gealltar do chliant go gcuirtear a mbranda agus a bpríomhtheachtaireachtaí in iúl go héifeachtúil agus go héifeachtach sa mhargadh, a chinnteoidh punann comhlachta nó branda níos airde agus staid mhaith le teachtaireacht shoiléir agus shuntasach do spriocluachta éisteachta.

I measc a gcliant tá Aran Island Ferries, Galway Culture Night, Clifden Arts Festival, agus RTE Nuacht.

D'Arcy Marketing & PR was founded by Noreen D'Arcy in 1998 and is an award-winning bilingual company, with a highly motivated team of professionals offering full Marketing, Public Relations and Event Management services.

It is firmly established as the leading Marketing and PR company in the West and is also acknowledged nationally as one of the industry's key players. Clients are assured that their brand and key messages are delivered effectively and efficiently to the market place. Its clients include Aran Island Ferries, Galway Culture Night and RTE Nuacht. In 2006, D'Arcy Marketing & PR were shortlisted in Barr 50 Gnó le Gaeilge and in 2004 they were announced as winners of the Ghradam Sheosamh Uf Ogartaigh 2004. www.darcymarketingandpr.ie

www.darcymarketingandpr.ie



Nóirín D'Arcy

Maithú



Stiúrthóirí Maithú Kerrill agus Michael Thornhill

Comhlacht Teicneolaíocht Faisnéise (TF) is ea Maithú, ar leis na deartháireacha Michael, Kerrill agus David Thornhill é.

Is é príomhghnó an chomhlachta ná forbairt feidhmchláir bhogearraí do ghutháin phóca agus do ríomhairí, réitigh TF, ríomhchórais bhainistíochta, ríomhthráchtáil agus forbairt láithreáin ghreásáin.

Tá feidhmchlár aistriúcháin Gaeilge forbartha ag Maithú darb ainm 'Get the Focal', mar aon leis an fhoclóir 'Gaeilfón', ar féidir iad a aimsiú ar roinnt guthán de chuid Samsung agus i siopaí feidhmchlár an iPhone agus Android.

Tá Maithú ag oibriú le Samsung Ireland i rith an ama le feidhmchláir Ghaeilge a sholáthar do chustaiméirí Éireannacha Samsung.

Seachas feidhmchláir do ghutháin phóca, tá bogearraí ar leith cruthaithe ag Maithú do The Musgrave Group, Sunday Tribune, BSL agus don iliomad fiontar eile.

Maithú is an IT company owned by brothers Michael, Kerrill and David Thornhill. Its primary business includes developing software applications for mobile phones and computers, IT solutions, Web-based work management systems, E-Commerce and Website development.

Maithú have developed the Irish translation application 'Get the Focal' and the 'Gaeilfón' dictionary which can be found on some Samsung phones and on the iPhone and Android app stores.

Maithú are continuing to work with Samsung Ireland to deliver Irish language applications to their Irish phone users.

Apart from mobile phone applications, Maithú have also developed bespoke software solutions for a range of clients including The Musgrave Group, ESB and many other enterprises.

www.maithu.com

Abú Media

Bhunaigh Pierce Boyce, Bríd Seoighe agus Eileen Seoighe Abú Media sa bhliain 2000 agus ó shin i leith, is buacach iad ó thaobh gradam de mar chomhlacht léiriúcháin teilifíse, a léiríonn réimse leathan clár.

An rannóg Scannáin Teilifíse, cuireann sí ar fáil idir phríomhscannáin, dhrámaíocht, chlár fhaisnéise agus ábhar éadrom do lucht labhartha na Gaeilge agus an Bhéarla araon.

Tá an comhlacht ar cheann de na comhlachtaí a bhfuil saintaithí acu ar an athghuthú, agus tairgtear breis agus 250 uair an chloig d'ábhar in aghaidh na bliana, go príomha, clár bheochana do pháistí agus sraitheanna faisnéise idirnáisiunta.

Thar na blianta, ainmníodh Abú Media le haghaidh gradam áirithe agus bhuaigh siad roinnt, ina measc, gradam ardchlú Prix Tournage ag

Féile Scannán Avingnon mar gheall ar an scannán comhléirithe, Red Roses and Petrol, sa bhliain 2005.

Sa bhliain 2003, bronnadh orthu an Rose d'Or in Montreux, don tsraith grinn, Fear an Phoist.

An tsraith faisnéise leo, Mobs Mheiriceá, ainmníodh le haghaidh IFTA in 2007 agus in 2008 é, agus bhuaigh sé Gradam na Meán Ceilteach don tsraith fhíorasach is fearr i mbliana.

Tá an comhlacht lonnaithe i lár Chonamara agus faoi láthair, tá fiche duine fostaithe go lánaimseartha mar aon le 35 fostaí páirtaimseartha. Déantar an obair iarléirithe uilig go himheánach, ar threalamh an chomhlachta féin, an trealamh ardghléine is nua-aimseartha san áireamh.

Established in 2000 by Pierce Boyce, Bríd Seoighe and Eileen Seoighe,



Abú Media is an award winning television film production company producing a wide range of media content. The Television Film division produces feature films, drama, documentary and light entertainment for both English and Irish speaking markets.

The company is also one of the leading dubbing facilities in Ireland, producing over 250 hours of material each year, primarily children's animation and international documentary series.

Over the years, Abú Media have been nominated and won various

awards for their work, including the prestigious Prix Tournage at the Avingnon Film Festival for their co-produced feature film, Red Roses and Petrol, in 2005.

The company has also been shortlisted for awards in various festivals including the 2003 Rose d'Or at Montreux, for their silent comedy series, Fear an Phoist.

Their historical documentary series, Mobs Mheiriceá, was IFTA nominated for Best Documentary Series in 2007-2008 and this year won the prestigious Celtic Media Award for Best Factual Series.

Based in Connemara, the company currently employs 20 full-time and 35 part-time staff. All their post production is carried out in-house, on their own facilities, which include the latest HD equipment.


www.abumedia.com

Cló Iar Chonnachta

Bunaíodh Cló Iar-Chonnachta (CIC) in 1985, agus ó shin i leith, tá os cionn 150 albam ceoil curtha amach aige, agus suas le 300 leabhar. Tá sé ar cheann de na comhlachtaí foilsitheoireachta is bisiúla sa tír, agus ar an chomhlacht phríobháideach foilsitheoireachta Gaeilge is mó, le cúigeir fostaithe go lánaimseartha ina n-oifigí in Indreabhán, Conamara.

Is mar choimirceoir, mar phátrún agus mar chaomhnóir ar chultúr na Gaeilge agus na Gaeltachta a fheidhmíonn CIC. Tuigeann muid an mhórhábacht a bhaineann le caomhnú an tsaibhris chultúir seo, agus is é an aidhm atá againn spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do cheoltóirí agus do scríbhneoirí agus ardán náisiúnta a thabhairt dá nguthanna.

Foilsíonn CIC réimse an-leathan litríochta: cnuasachtaí filíochta, gearrscéalta agus amhrán, úrscéalta, leabhair do dhéagóirí, leabhair do pháistí, tráchtáil taighde agus leabhair staire. Tá roinnt leabhar Béarla foilsithe againn chomh maith, aistriúcháin a bhformhór ar mhórshaothair



Ghaeilge. Tá roinnt mhaith de na saothair seo ar fáil ar dlúthdhiosca agus ar caiséad, cuid acu sa tsraith spreagúil, An Béal Beo.

Ó thaobh ceoil de, ba é an príomhrún a bhí ag CIC nuair a bunaíodh é ná oifidigh Chonamara (agus go háirithe na fonnadóirí sean-nóis) a thaifeadadh le go mbeadh teacht ar a saibhreas go forleathan agus go buan. Tá cúram ar leith fós á dhéanamh den chuspóir úd, ach tá ár réimse oibre leathnaithe amach go mór. I gcatálóg CIC inniu, tá taifeadtaí sean-nóis ó gach cearn den tír, chomh maith le ceoltóirí aonair agus grúpaí traidisiúnta den scoth, ceol cajun, gaelcheol tíre agus ceol Cape Breton.

Is é an scríbhneoir Micheál Ó Conghaile stiúrthóir CIC. Bhunaigh sé an comhlacht in 1985 nuair a bhí sé ina mhac léinn ollscoile in aois 23 bliain. Is scríbhneoir bisiúil, éirimiúil é a bhfuil stór na nduaiseanna liteartha atá buaite aige ag méadú in aghaidh an lae.

Cló Iar-Chonnachta (CIC) was founded in 1985 and

since then has issued over 150 music albums, and published up to 300 books.

It is one of the most prolific publishing houses in the country, and the largest private Irish language publishing house, with five employed full-time in its offices in Indreabhán, Conamara. CIC acts as a guardian, patron and conservator of Irish language and Gaeltacht culture.

CIC publishes a very wide range of literature: poetry anthologies, short stories and songs, novels, books for teenagers, books for children, research and history books. It has also published some books in English, many of them translations of great Irish works.

Its main aim on starting out was to record the great musicians of Conamara (especially the sean-nós singers) so that people would have wide-ranging and permanent access to their works. The writer Micheál Ó Conghaile is the director of CIC. He founded the company in 1985 when he was a 23 year-old university student. He is a prolific writer, who has won and continues to win many literary prizes.

www.cic.ie

Comharchumann Mhú scaí



Tá an Comharchumann ar bun ó 2008. Eagrais é atá ionadaíoch ar choistí pobail i gCúil Aodha, Béal Átha 'n Ghaorthaidh, Baile Bhuirne, Cill na Martra, Baile Mhic Íre agus Ré na nDoirí. Ar phríomhchuspóirí an Chomharchumainn, tá: cur chun cinn na Gaeilge i nGaeltacht Mhúscraí; togáil an tionscail turasóireachta cultúrtha sa cheantar; agus soláthar seirbhíse tacaíochta éagsúla do na ballchoistí agus d'eagrais eile sa cheantar.

I measc na nithe atá déanta acu, tá suíomh eolais faoi Mhúscraí bunaithe, meitheal bunaithe chun sciar a cheannach sa tSeirbhís Farantóireachta idir Corcaigh is Swansea agus Cúrsaí Teanga do dhaoine fásta tionscanta.

Comharchumann Mhúscraí was founded in 2008, as an organisation that is representative of community committees in Cúil Aodha, Béal Átha 'n Ghaorthaidh, Baile Bhuirne, Cill na Martra, Baile Mhic Íre and Ré na nDoirí.

The advancement of the Irish language in the Múscraí Gaeltacht is one aim of the co-operative, as well as strengthening the cultural tourism industry and providing support services to other organizations in the area. It has founded an information website about Múscraí, put together a working group to buy a share in the Cork-Swansea Ferry and started Irish language classes for adults.

Insideireland.ie

Suíomh idirlín a fhoilsíonn nuacht ghnó i nGaeilge agus i mBéarla is ea Insideireland.ie

Áirítear ar an suíomh rannóga ar mhórábhair ghnó ar nós: Geilleagar, Airgeadas, Infheistiúocht agus Fostaíocht, Agra-Ghnó, Turasóireacht, Maoin agus eile.

Ó sheoladh an suíomh (atá saor in aisce do léitheoirí), mí an Mheithimh 2009, tá méadú 30 faoin chéad in aghaidh na míosa tagtha ar líon na léitheoirí atá ag Insideireland.ie agus bhí 35,000 cuairteoir ar leith ag an suíomh in Aibreán 2010.

Deir Eagarthóir Insideireland.ie, Colm Ó Broin (ar dheis), a bhí le Lá Nua tráth, go bhfuil an Ghaeilge mar chuid ríthábhachtach den ghnó.

"Ba mhaith le Insideireland.ie an Ghaeilge a chur chun cinn ach aithníonn muid na buntáistí tráchtála a bhaineann leis an teanga chomh maith, idir fhéidearthachtaí margaíochta breise, dhílseacht tomhaltóirí a bhfuil bá acu leis an nGaeilge agus chomhpháirtíochtaí le comhlachtaí a bhaineann úsáid as an nGaeilge.

"Ba cheart go mbeadh comhlachtaí in Éirinn ag lorg margáí nua an t-am ar fad, agus ar cheann acu

siúd tá margadh na Gaeilge, fiú muna bhfuil sé chomh mór le margadh an Bhéarla - go fóill!"

Insideireland.ie is a business news website that publishes news in Irish and English.

The site includes sections covering all major business issues including Economy, Finance, Investment & Employment, Agri-Business, Tourism, Property and more.

Since its launch in June 2009, the free site's readership has grown 30 per cent per month, reaching 35,000 unique visitors per month by April 2010.

Insideireland.ie is a stand alone commercial enterprise that is totally reliant on its advertisers.

Editor Colm Ó Broin (right), formerly of Lá Nua, says that the Irish language is a real and vital part of the business.

"Insideireland.ie has a genuine desire to increase the use of the Irish language but we also see the many practical benefits it gives to companies, including increased marketing opportunities, greater



customer loyalty from people who cherish the language, and partnerships with the growing number of companies that incorporate the language in their business.

"Companies in Ireland should always be looking for new markets and the Irish language market is one of those, even if it is not as big as its English language counterpart - yet!"

www.insideireland.ie

Spraoi

Ionad úrscothach súgartha do pháistí ar Bhóthar an Mhíle Fhada i mBaile Átha Cliath é SPRAOI – neamh ar talamh i dtaca le páiste de. Ba é ba mhian le bunaitheoirí SPRAOI ná mol oideachais agus folláine a bhunú do pháistí suas le 12 bhliana d'aois a chuirfeadh ar fáil eispéireas súgartha a d'fhágadh corraithe spreagtha iad.

Trí mheán criosanna saincheaptha súgartha, tairgtear réimse gníomhaíochta a choinneoidh páistí ag lámhacáin, ag dreapadh agus i mbun taiscéalta ar an fhráma

súgartha ildaite pardógach ar feadh breis agus uair an chloig. Agus na páistí i mbun spraoi, is féidir leis na daoine fásta seal suaimhnis a chaitheamh i gcaifé SPRAOI.

SPRAOI, the Irish word for sport and fun, is a modern, state-of-the-art children's play world on Dublin's Long Mile Road and quite literally every child's heaven on earth.

The desire to create an exciting education and fitness hub for children inspired SPRAOI'S founders and the company's very name

epitomises their goal of offering a truly memorable play experience for toddlers up to pre-teens.

Using specialised, custom-made Play Zones, SPRAOI offers a maze of activities to keep children amused and physically active by crawling, climbing and exploring for more than an hour at a time the special features of the multi-coloured, fully-padded playframe. And while the children are having their 'spraoi', the adults can relax in the scrumptious and relaxing



SPRAOI café.

SPRAOI stands for Spectacular, Physical, Recreational, Action-packed, Outstanding, Inimitable and in light of its Irish roots, the company's future is all about building on the Irish language presence through exciting challenges and dedicated initiatives.

www.spraoi-kids.com

Teach Mháire Luke

Tá 'Teach Mháire Luke' suite i gceantar álainn faoin tuath i dTuar Mhic Éadaigh, Contae Mhaigh Eo. Na blianta ó shin, teach ceann tuí a bhí ann agus clú air mar shíbin.

Is iad Frank agus Barbara Filbin úinéirí Theach Mháire Luke. Thóg siad foirgneamh nua sa bhliain 1999 ina bhfuil dhá bheár, seomra cuideachta, bialann agus naoi seomra lóistín. Tá an t-óstán suite ar ardán os cionn Loch Measca, atá breactha le hoieléin.

Faigheann an Ghaeilge tús áite anseo fós. Labhraíonn Barbara, Frank agus a gceathrar clainne Gaeilge i gcónaí. Arsa Barbara: "Is breá linn an Ghaeilge a úsáid lenár gcustaiméirí chuile uair is féidir linn. Tugaimid faoi deara gur maith le custaiméirí/cuairteoirí éisteacht leis an teanga á labhairt agus cuireann siad cluas éisteachta orthu féin nuair a chloiseann siad í.

"Cothaíonn muid dúil sa damhsa agus sa cheol freisin. Eagraíonn muid seisiún ceoil agus amhránaíochta gach re Domhnach ar feadh na bliana agus gach Domhnach i rith shéasúr an tsamhraidh. Fáiltíonn muid roimh óg agus aosta lena ngléasanna ceoil agus cumas amhránaíochta - pé aird den domhan as a dtagann siad, thig leo páirt a ghlacadh."

Chun spiorad na Gaeilge a choinneáil san áit, tugtar cuireadh do bhannaí ceoil ó Chonamara, amhail Beartla Ó Dónaill agus Ceann Golam, chun ceol agus

amhráin as Gaeilge a chur ar fail do na damhsaí deireadh seachtaine. Téann siad seo go mór i bhfeidhm ar chuireoirí.

Teach Mháire Luke is situated in a scenic rural area in Toormakeady, Co Mayo. Years ago, it was a thatched cottage and was operated as a shebeen, where most of the craic would have been in Irish.

Frank and Barbara Filbin are the owners of Tigh Mháire Luke. They built a new building in 1999 with two bars, a lounge, restaurant and nine guest rooms. The hotel itself sits on a height and looks out over Lough Mask which is dotted with islands.

The Irish language still enjoys predominance here. Barbara, Frank and their family of four speak Irish all the time. They also love to use the language with their customers as often as possible. They have noticed over the years that customers and visitors will listen intently when they hear the language spoken.

"We love to encourage interest in our native language," says Barbara.

They have also fostered an interest in Irish dance and music. There is a music and singing session every second Sunday of the year, and every Sunday during the summer season.

"We welcome young and old with their musical instruments and musical abilities. No matter what



part of the world they hail from, they can take part." The Corr na Móna Drama Society come and perform Irish language plays every year in the bar, before going on to compete in drama festivals.

"To keep the spirit of the language alive, we invite bands from Conamara such as Beartla Ó Dónaill and Ceann Golam to perform for us and the dancers," adds Barbara.

Faigh do bhille i nGaeilge

Má theastaíonn uait do bhille a fháil i nGaeilge, cuir teachtaireacht ríomhphoist chuig eolas@esb.ie nó glaigh ar **1850 372 372** le do thoil, agus beimid sásta an socrú sin a dhéanamh duit



Customer Supply